# *Gaelscoil Thaobh na Coille*


***Beallairmín***
***An Chéim***
***B.Á.C. 18*** Uimhir Rolla : 20020R

Guthán : 01-2950000 Facs: 01 2945902 R-phost: gaelscoil@taobhnacoille.ie Príomhoide : Emer Nic Chonchradha


21/06/2010

A Thuismitheoirí,

*Is deacair a chreidiúint go bhfuil bliain scoile eile ag teacht chun deiridh ach nárbh iontach an bhliain í! Tá sé deacair buacphointí na bliana a phiocadh amach ach is cinnte go mbeidh cuimhne againn go ceann i bhfad ar an 1 MeánFómhair – ár gcéad lá sa bhfoirgneamh úr nua agus an 5 Márta – oscailt oifigiúil na scoile. Ba mhaith liom ag an bpointe seo mo bhuíochas a chur in iúl dóibh siúd ar fad a chuidigh liom i rith na bliana.* ***Mo chomhmhúinteoirí,*** *Tomás Mac Uileagóid, Niamh Ní Dhúill, Bernie Ní Ruadaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Tricia Ní Mhaolagáin, Máirín Ní Dhubhthaigh, Cormac Chambers, Fiona Ní Chléirigh, Máire Mhic Gabhann, Máire Cáit Ní Dhubhgáin & Ailín Ní Dhomhnaill. Buíochas le Maria Uí Riain & Lúsaí Mhic Cnáimhsí CRS, lenár rúnaithe Anne Uí Chathmhaoil agus Margaret Uí Ruairc & ár múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh agus ár n-airíoch Liam Ryder. Buíochas le Lorcán Mac Gabhann agus* ***an Bord Bainistíochta***, ***Coiste na dTuismitheoirí*** *agus na tuismitheoirí eile ar fad a d'oibrigh ar son na scoile i rith na bliana.*

It's hard to believe that yet another school year has come to an end but what a great year it has been! So many interesting and varied events have taken place this year but the 1st of September – when we started in our brand new school building and the 5th of March – the day of the official opening, will be remembered for many years to come as really special and significant days in the schools history. I would like to avail of this opportunity to thank some of the people who have helped me throughout the year. **My collegues** Tomás Mac Uileagóid, Niamh Ní Dhúill, Bernie Ní Ruadaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Tricia Ní Mhaolagáin, Máirín Ní Dhubhthaigh, Cormac Chambers Fiona Ní Chléirigh, Máire Mhic Gabhann, Máire Cáit Ní Dhubhgáin & Ailín Ní Dhomhnaill. Thanks to Maria Uí Riain & Lúsaí Mhic Cnáimsí SNA, our rúnaithe Anne Uí Chathmhaoil and Margaret Uí Ruairc, our múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh & our caretaker Liam Ryder. 'Buíochas' also to Lorcán Mac Gabhann and the **Board of Management**, **Coiste na dTuismitheoirí** and all those parents who helped in many different ways throughout the year.

Emer Nic Chonchradha

## Aifreann deireadh bliana

*Beidh aifreann deireadh bliana á cheiliúradh againn i halla na scoile ar an gCéadaoin seo an 23 Meitheamh ag a 12.30pm. Tá fáilte roimh thuismitheoirí freastal ar an aifreann.*



## End of year mass

We will celebrate the end of the year with a thanksgiving mass in the school hall on Wednesday the 23rd of June at 12.30pm. Parents are most welcome to attend.

## Éide scoile

### School Uniform

The Schoolwear House
Unit 3, Páirc Ghnó Bhaile Uí Ógáin
Bóthar Bhaile Uí Ógáin,
B.Á.C. 18.

T: (01) 292 1540
F: (01) 292 1541

E-mail: www.schoolwearhouse.ie

Beidh an scoil ag dúnadh ar an **MHÁIRT** seo an **29 MEITHEAMH** ag a **12.00** a chlog.

Osclóidh an scoil don ath-bhliain an **gCÉADAOIN, 1 MÉAN FÓMHAIR 2010**.





## Lá spóirt & spraoi

*Bhí an-lá go deo againn ar an Aoine an 18 Meitheamh a ghlac daltaí uile na scoile, ó na naíonáin bheaga go rang a 6, páirt in imeachtaí éagsúla spóirt is spraoi i gcaitheamh an lae. Cuireadh béim ar a bheith rannpháirteach agus taithneamh a bhaint as imeachtaí spóirt. Eagraíodh 9 stáisiún d'imeachtaí éagsúla spóirt thart timpeall na scoile. Ina measc bhí caisleán preabach, cluichí craiceáilte, uni-hoc, cúrsa constaicí, eitpheil, cluichí le málaí pónairí, rásanna ar 'space hoppers, peil, snámh & go leoir leoir eile. Bhí an t-ádh linn ó thaobh na haimsire de mar go raibh an lá breá tirim ach nach raibh sé ró-the ar maidin nuair a bhí na himeachtai ar fad ar siúl ach gur tháinig an ghrian amach do na rásanna reatha ag 1.30pm. Bhailigh tuismitheoirí & daltaí le chéile ansin ar an bhfaiche os comhair na scoile leis na rásanna a rith agus picnic clainne a ithe. Is léir gur bhain idir gach duine an-taithneamh as an lá.*

## sports activities day

A great day was had by all on Friday the 18th of June for our first Sports Activities Day. All the pupils from junior infants to 6th class participated in different sporting and fun activities throughout the day. The emphasis was on participation & enjoyment of sports activities. 9 'sports stations' were set up around the school which included bouncing castles, crazy games, uni-hoc, obstacle courses, volley ball, bean bags, space hopper races, football, swimming and much more. The day was great weather-wise as it wasn't too-hot for the activities in the morning and the sun broke its way through the clouds for our races at 1.30pm. Parents and pupils gathered on the green in front of the school for the running races and enjoyed the afternoon sun with a family picnic to finish off the day's events. Both pupils and adults enjoyed the day.





## COmhgháireadchas & Slán



*Ba mhaith liom comhgháirdeachas ollmhór a ghabháil leis an Múinteoir Tricia Ní Mhaolagáin as a post mar phríomhoide ar Ghaelscoil Rath Tó i gCo. na Mí (Gaelscoil nua a bheidh Ag oscailt i mí Meán Fómhair). Tá Tricia ag obair linn anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille le naoi mbliana anuas ó chríochnaigh sí sa choláiste i 2001. Bhí an t-ádh dearg linn múinteoir chomh breá leí a bheith ag múineadh linn anseo agus mothóimíd ar fad uainn í go mór.*
*Go n-éirí go geal leat i do cheapachán nua.*

I would like to extend a huge congratulations to an Múinteoir Tricia Ní Mhaolagáin on her appointment as the 'príomhoide' of Gaelscoil Rath Tó in Co. Meath (a new Gaelscoil that will open it's doors for the first time in September). Tricia came to work with us here in Gaelscoil Thaobh na Coille straight out of College in 2001. We were extremely lucky to have such a wonderful teacher & colleague working with us and we will miss her terribly. Go n-éirí leat i do cheapachán nua.

## Tuairiscí scoile

*Beidh tuairiscí scoile do pháiste(í) á sheoladh sap host againn roimh dheireadh na seachtaine. Má tá ceist ar bith nó soiléiriú ar bith uait faoi(fúthu) ní gá duit ach an cheist a chur. Tá bileog míniúcháin ar fail ar shuíomh ghréasáin na scoile mar mhíniú ar na torthaí 'STen' a fuair do phaiste(í) 'sna triallacha measúnaithe chaighdeánach (féach rannóg na dtuismitheoirí → triallacha chaighdeánacha). Cuirim i gcuimhne daoibh go gciallaíonn 'go maith' díreach é sin GO MAITH agus go bhfuil sé sin go maith!*

## School reports

Your child(children)'s school report(s) will be posted out to you at the end of the week. Should you have any query re same please feel free to come in and ask. An information sheet explaining the STen score your child(children) obtained in their standardised tests can be found on the school web-site (see parents section → standardised tests). Remember that 'go maith' means GOOD and that good is good!



## Seó Tallainne

*Beidh Craobh Seó Tallainne na scoile ar siúl ar an Déardaoin seo ag teacht an 24 Meitheamh ag a 12.30pm. Daltaí ó R 3 go R 6 a bheidh ag glacadh páirte ann. Beidh míreanna de gach saghas le feiceáil ar an ardán : amhránaíocht aonair, ceol traidisiúnta, taispeántas gleacaíochta, rince, grúpaí pop amhráin, rince gaelach, ceol claisiceach agus alán eile.*

## Talent show

The Final of our annual talent show will be held on Thursday next the 24$^{th}$ of June when our final 22 acts take to the stage at 12.30pm. Pupils from R3 to R6 will take part with acts including solo singing, traditional music, gymnastics, dance routines, girl bands, irish dancing, classical music and lots more.

## Leabhar liostaí 2010/2011

*Tá na leabhar liostaí bailithe againn anois agus tá an t-ordú leabhar curtha isteach ag ár soláthróirí. Déanfar na leabhair nua a dháileadh ar an 1 Meán Fómhair 2010.*

## Book lists 2010/2011



The Booklists for September 2010 have been collected and the book orders have been placed with the suppliers. The new books will be distributed on the 1st of September 2010.

## CLUICHE CEANNAIS IOMÁNAÍOCHTA



*Comhghháirdeas le Foireann Sóisir iománaíochta na scoile as sár-chluiche a imirt i bPáirc an Chrócaigh cúpla seachtain ó shin. Bhí mí-ádh mór ar an bhfoireann gur buadh orthu le pointe amháin in am bhreise ACH beidh lá eile ag an bPaorach agus is cinnte go bhfillfidh an fhoireann iománaíochta seo go Páirc an Chrócaigh arís an bhliain seo chugainn le cúnamh Dé. D'imir sibh an-chluiche a bhuachaillí (& a chailíní) agus táimid an-bhródúil asaibh.*

Congratulations to our junior hurling team for what was a fantastic game i Páirc an Chrócaigh a couple of weeks ago. The team had the misfortune of being beaten by a mere one point in extra time BUT I'm sure this great hurling team will return to Croke Park next year with the same energy and conviction they displayed this year. You played a great match boys (and girls) and we're all very proud of you.

## Lúthchleasaíocht : athletics







Sinéad Ní Fhloinn : Shot Putt 1ú Áit
Cian Ó hUallaigh, Dermot Mac Siúrdáin, Oisín Ó Braonáin, Tomás Ó Néill (Gregory Mac Eoin) : Rás Sealaíochta faoi 10 1ú Áit
Daniel Mac Eoin : Rás 500m 3ú Áit

*Comhgháirdeachas leis an 40 dalta nó mar sin ó Ghaelscoil Thaobh na Coille a ghlac páirt i gComórtas Lúthchleasaíochta, Cumann na mBunscol B.Á.C. i Seantramh ag tús na míosa. Buíochas arís leis an an Múinteoir Maoilíosa Ó Dúbhthaigh as iad a eagrú agus a tréanáil do na rásanna éagsúla ar an lá.*

Congratulations to our 40 or so athletes who competed in the Cumann na mBunscol Athletics finals in Santry at the beginning of the month. Thanks once again to an Múinteoir Maoilíosa Ó Dúbhthaigh for organising & training them for the various races/events.

## Slán le Rang a 6




*Ba mhaith liom 'Slán' an-speisialta a ghabháil le daltaí rang a sé a bheidh ag tabhairt aghaidh ar an meánscoil i Mí Meán Fómhair. Thosaigh a bhformhór acu ar scoil i Meán Fómhair na bliana 2002 agus tá an-fhás agus an-fhorbairt déanta acu ar fad ó shin. Táimid an-bhródúil as na páistí seo agus iad ag tabhairt aghaidh ar an saol mór. Guím gach dea-ádh orthu agus níl aon dabht orm ach go n-éireoidh thar barr leo 'sna scoileanna éagsúla ar a mbeidh siad ag freastal.*

## Díolachán cístí R6 do Haiti

*D'éirigh le R6 **€2210** a shaothrú ag an díolachán cístí a d'eagraigh siad do Haiti níos luaithe sa bhliain.*

## R6'S CAKE SALE for Haiti

R6 made **€2210** for Haiti from the cake sale they organised earlier this year.